



**An Roinn Gnóthaí Fostaíochta
agus Coimirce Sóisialaí**
Department of Employment Affairs
and Social Protection

Ráiteas Príobháideachais

An Méid a Dhéanaimid le do Shonraí Pearsanta

Bealtaine 2018

Clár Ábhar

RÉAMHRÁ: CAD É AN RGCS?	3
ACHOIMRE AR PHRÍOBHÁIDEACHAS SONRAÍ	3
MÍR 1: CÉ SINN FÉIN	4
1.1 An Rialaitheoir Sonraí	4
1.2 An tOifigeach Cosanta Sonraí	Error! Bookmark not defined.
MÍR 2: NUAIR A BHAILÍMID D'FHAISNÉIS	5
CÉN SAGHSANNA SONRAÍ PEARSANTA A BHAILÍMID?	5
AN BUNÚS DLÍ LE PRÓISEÁIL	Error! Bookmark not defined.
MÍR 5: NA CATAGÓIRÍ PRÓISEÁLA FAOINA DTUGANN AN ROINN SEO	Error! Bookmark not defined.
CÁ STÓRÁLAIMID DO SHONRAÍ PEARSANTA?	8
6.1 Stóráil leictreonach do shonraí pearsanta	8
6.2 Comhaid chruachóipe (pháipéir) a stóráil	8Error! Bookmark not defined.
MÍR 7: NA CATAGÓIRÍ PRÓISEÁLA FAOINA DTUGANN AN ROINN SEO	Error! Bookmark not defined.
7.1 Catagóirí faighteoirí ar féidir linn do shonraí pearsanta a roinnt leo	Error! Bookmark not defined.
7.2 An aistreofar do Shonraí Pearsanta amach ón LEE?	Error! Bookmark not defined.
7.3 An gceadaítear dúinn do shonraí a aistriú taobh amuigh den AE agus den LEE?	Error! Bookmark not defined.
defined.	
7.4 An bhfuil aon Chosaintí Cuí agus Oiriúnacha eile ann?	Error! Bookmark not defined.
MÍR 8:CÉ CHOMH FADA A CHOIMEÁDFAIMID DO SHONRAÍ PEARSANTA?	Error! Bookmark not defined.
8.1 Beartas foriomlán chun sonraí pearsanta a choimeád (Beartas um theorannú stórála)	Error! Bookmark not defined.
not defined.	
MÍR 9: PRÓISEÁIL BHREISE SONRAÍ PEARSANTA	Error! Bookmark not defined.
7.1 An úsáidfeá do shonraí pearsanta a bailíodh ar aon chuspóirí eile?	Error! Bookmark not defined.
MÍR 10:DO CHEARTA MAR ÁBHAR SONRAÍ	Error! Bookmark not defined.
10.1 An ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta (nó an fhaisnéis atá againn fút)	Error! Bookmark not defined.
not defined.	
10.2 An ceart go gceartaítear sonraí pearsanta míchearta atá á gcoimeád ag an Roinn agus an ceart chun cur in aghaidh sonraí a phróiseáil a d'fhéadfadh bheith mícheart	Error! Bookmark not defined.
10.3 An ceart chun sonraí pearsanta a scriosadh	Error! Bookmark not defined.
10.4 An ceart chun cur in aghaidh cinnteoireacht uathoibríthe ag an Roinn	Error! Bookmark not defined.
10.5 An ceart i leith iniomparthacht sonraí (an ceart chun do shonraí a fháil ó rialaitheoir amháin agus iad a sheoladh chuig rialaitheoir eile)	Error! Bookmark not defined.
10.6 An ceart go gcuirfeá ar an eolas thú ar Shárú ar Shonraí	Error! Bookmark not defined.
10.7 An ceart chun gearán a dhéanamh le hOifig an Chohimisinéara Cosanta Sonraí (an OCCS)	Error!
Bookmark not defined.	
10.8 Conas is féidir leat do chearta a fheidmiú	Error! Bookmark not defined.
MÍR 11: BREIS FAISNÉISE - TREOIRLÍNTE OIBRÍOCHTÚLA	Error! Bookmark not defined.

Réamhrá: Cad é an RGCS?

Is é an RGCS an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Tíocfaidh sé i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh. Leagtar amach ann sraith dlíthe nua AE a bhaineann le conas is féidir le heagraíochtaí sonraí a phróiseáil agus úsáid. Is é cuspóir an rialacháin chun dlíthe um chosaint sonraí a threisiú agus a chaighdeánú do gach saoránach AE. Bainfidh na rialacháin seo le haon eagraíocht a bhailíonn agus a stóráilann sonraí pearsanta (Rialaitheoir Sonraí) agus le haon eagraíocht eile, chomh maith, a oibríonn ar threoracha an Rialaitheora Sonraí (Próiseálaí Sonraí). I measc iad siúd atá freagrach as cloí leis na rialacháin seo, tá fostaithe na heagraíochta ábhartha, conraitheoirí, sainchomhairleoirí, gníomhairí agus tríú páirtithe ina measc a bhfuil teacht acu ar shonraí cé acu go díreach nó go hindíreach.

Méadaítear san RGCS go suntasach na hoibleagáidí agus freagrachtaí d'eagraíochtaí i dtaobh conas a bhailíonn, a úsáideann agus a chosnaíonn siad sonraí pearsanta. Ag croílár an dlí nua, tá an ceanglas ar eagraíochtaí a bheith go hiomlán trédhearcach faoi conas a úsáideann agus a chosnaíonn siad sonraí pearsanta, agus a bheith in ann cuntasacht a léiriú dá ngníomhaíochtaí próiseála sonraí. Tá breis faisnéise faoin RGCS agus na bearta atá le glacadh lena chinntiú go mbíonn comhlíonadh ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Chosanta Sonraí (an CCS) ag [GDPRandYou.ie](https://gdprandyou.ie) nó dataprotection.ie.

Achoimre ar Phríobháideacht Sonraí

Caitheann an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le do phríobháideacht mar ábhar tromchúiseach. Is tábhachtach gurb eol duit an méid a dhéanaimid le faisnéis phearsanta a sholáthraíonn tú agus daoine eile dúinn, cén fáth go mbailímid é agus cad a chiallaíonn sin duit. Tá an cháipéis seo á cur ar fáil duit ar aon dul lenár n-oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS). Ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh, leasóidh an RGCS, sa mhullach ar cheanglais infheidhme Éireannacha, an dlí reatha um chosaint sonraí agus leagfaidh sé oibleagáidí barrfheabhsaithe cuntasachta agus trédhearcachta ar gach eagraíocht a úsáideann d'fhaisnéis. Tabharfar athruithe isteach,

chomh maith, san RGCS, a thabharfaidh smacht níos fearr duit ar d'fhaisnéis phearsanta. Iarrtar ort an t-am a ghlacadh chunan fógra seo a léamh go cúramach. Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir leis an mbealach a úsáidimid d'fhaisnéis, déan teagmháil, le do thoil, lenár nOifigeach Cosanta Sonraí trí leas a bhaint as na sonraí thíos.

MÍR 1: CÉ SINN FÉIN

1.1 An Rialaitheoir Sonraí

Is é an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (an RGFC) an Rialaitheoir Sonraí do na sonraí pearsanta go léir a bailíodh ar mhaithe le cuspóir a gnó. Cinneann an Roinn cén sonraí pearsanta a theastaíonn uainn a bhailiú uait lena chur ar ár gcumas ár scéimeanna agus seirbhísí a oibriú. Ansin déantar á bpróisis sonraí a dhoiciméadú agus a eisiúint don fhoireann ábhartha.

Gach seachtain, faigheann thart ar 1.4 milliún duine íocaíocht leasa shóisialaigh. Faigheann thart ar 625,000 teaghlach íocaíochtaí sochair linbh i dtaca le 1.2 milliún leanbh gach mí. Tá thart ar 6,500 comhalta foirne fostaithe go díreach sa Roinn. Tá treoirlínte oibríochtúla ar fáil dár scéimeanna go léir ar ár láithreán gréasáin www.welfare.ie.

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

Ar ríomhphost: info@welfare.ie

Ar an nguthán: **071 9193302** nó **1890 66 22 44** (Íosghlao)

Sa phost: An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí,
Áras Mhic Dhiarmada,
Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1.

1.2 An tOifigeach Cosanta Sonraí

Má tá tú buartha faoin méid a dhéanaimid le shonraí pearsanta, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí (OCS).

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh lenár OCS ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

Ar ríomhphost: dpo@welfare.ie

Sa phost: An tOifigeach Cosanta Sonraí,
An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí,
Teach Goldsmith,

Sráid an Phiarsaigh,
Baile Átha Cliath 2.

MÍR 2: NUAIR A BHAILÍMID D'FHAISNÉIS

Bailímid faisnéis fút ar réimse cúiseanna agus ó roinnt foinsí, agus uait féin. Seo a leanas nagnáthchásanna ina mbailímid sonraí pearsanta:-

- 2.1 Nuair a chláraíonn tú d'Uimhir Pearsanta Seirbhíse Poiblí UPSP);
- 2.2 Nuair a thosaíonn tú ag oibriú – bailímid sonraí faoi do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh agus faighimid faisnéis faoi d'ioncam ó na Coimisinéirí Ioncaim agus ó thuairisceáin deireadh bliana d'fhostóra;
- 2.3 Nuair a dhéanann tú éileamh ar aon chinn dár scéimeanna nó seirbhísí, cé acu i bpearsan nó ar líne;
- 2.4 Nuair a bhíonn íocaíocht á fáil agat agus nuair a chuireann tú in iúl dúinn gur tháinig athrú ar do chúinsí;
- 2.5 Nuair a thugaimid faoi athbhreithniú ar aon éileamh;
- 2.6 Nuair a bhíonn leanbh agat – agus nuair a bhíonn an leanbh cláraithe, chomh maith, do UPSP;
- 2.7 Gheobhaimis faisnéis, chomh maith, ó Ranna Rialtais eile, mar shampla, maidir le iarratais ar chúram leanaí ón Roinn Leanaí agus ó ghníomhaireachtaí Stáit áirithe – ar nós ó SUSI maidir le hiarratais ar dheontas do choláistí tríú leibhéal;
- 2.8 Tá réimse conraitheoirí ag an Roinn, chomh maith, a bhaileodh faisnéis uait don Roinn. Tá iad seo go léir cumhdaithe ag conarthaí dlíthiúla agus d'áireofaí leo Oifigí Brainse, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla, Clubanna Post agus soláthraithe Job Path;
- 2.9 Féadfaimid sonraí a bhailiú ó TDanna nó Comhairleoirí, chomh maith, a ghníomhaíonn thar do cheann, nó ó dhaoine eile, a fhaomhann tú chun gníomhú thar do cheann.

MÍR 3: CÉN SAGHSANNA SONRAÍ PEARSANTA A BHAILÍMID?

3.1 Is é beartas na Roinne gan ach an fhaisnéis a bhailiú a theastaíonn don chuspóir láithreach, ar nós iad siúd a dtugtar cuntas orthu i mír 5 thíos.

3.2 Féadtar a áireamh leis na sonraí pearsanta a bhailímid an méid seo a leanas:

- d’ainm,
- do sheoladh,
- do dháta breithe,
- D’Uimhir Pearsanta Seirbhíse Poiblí (upsp),
- do stádas pósta,
- stádas do theaghlach,
- d’uimhir ghutháin,
- do sheoladh ríomhphoist agus
- faisnéis airgeadais áirithe.

3.3 Amanna, tá orainn ‘catagóirí speisialta’ de shonraí pearsanta a bhailiú, ar nós sonraí a bhaineann le sláinte agus sonraí bithmhéadracha a úsáidtear ar mhaithe le haithint agus, amanna, faisnéis a bhaineann le ballraíocht de cheardchumann. Aithnímid gur féidir linn sonraí a bhailiú, go hindíreach, maidir le creideamh reiligiúnach agus gnéaschlaonadh ár gcustaiméirí.

MÍR 4: AN BUNÚS DLÍ LE PRÓISEÁIL

4.1 Tá roinnt Achtanna ag an Roinn faoinar féidir sonraí pearsanta a phróiseáil go dlíthiúil. Tá ár bpríomhreachtaíocht cuimsithe san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, arna leasú. Tá roinnt píosaí eile de phríomhreachtaíocht agus reachtaíocht thánaisteach ann a cheadaíonn dúinn sonraí pearsanta a phróiseáil. Más mian leat níos mó eolais a fháil fúthu siúd, féach an liosta, le do thoil, atá curtha san áireamh mar aguisín leis an gcáipéis seo.

4.2 Tá an Roinn i dteideal, chomh maith, chun sonraí pearsanta a phróiseáil faoi fhorálacha reachtaíochta eile a sholáthraíonn an bonn do gach Roinn Rialtais chun an réimse seirbhísí agus tacaíochtaí a riar faoi mar a leagtar amach i gcinntí leanúnacha Rialtais.

MÍR 5:NA CATAGÓIRÍ PRÓISEÁLA FAOINA DTUGANN AN ROINN SEO

Próiseálaimid sonraí pearsanta ar na cuspóirí seo a leanas:

- 5.1 Chun uimhreacha pearsanta seirbhíse poiblí (UPSPanna) agus Cártaí Seirbhísí Poiblí (CSPanna) a sholáthar
- 5.2 Do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh a bhailiú a úsáideann tú chun cáiliú do scéimeanna agus íocaíochtaí áirithe – Pinsean Stáit, mar shampla
- 5.3 A sheiceáil an gcáilíonn tú do cheann dár scéimeanna aois oibre nó breoiteachta agus má cháilíonn, an méid ábhartha a íoc leat
- 5.4 Iarratais a phróiseáil d’aon chinn den réimse tacaíochtaí a sholáthraímid agus do sheirbhísí gaolmhara.
- 5.5 Seirbhísí agus tacaíocht a sholáthar d’fhostóirí
- 5.6 Tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine a gailleann a bpoist mar gheall ar iomarcaíocht nó dócmhainneacht fostóra
- 5.7 Conarthaí a láimhseáil le soláthraithe seirbhíse seachtracha
- 5.8 Déileáil le ceisteanna nó gearáin maidir le seirbhís do chustaiméirí
- 5.9 Le haghaidh feidhmeanna acmhainní daonna inmheánacha

I gcásanna áirithe, féadtar sonraí a roinnt, chomh maith, le heagraíochtaí eile, i gcomhréir leis an reachtaíocht agus faoi mar a dtugtar cuntas air i Mír 5 thíos. I ngach cás, beidh socruithe roinnte sonraí i bhfeidhm.

Nóta: Tugann an Roinn faoina chinntiú go dtugtar faoi Mheasúnacht Tionchair um Chosaint Sonraí sula dtosaítear aon phróiseas nua sonraí agus chun an cháipéis seo a nuashonrú dá réir. Ar aon dul leis an RGCS, tugann an Roinn faoi dhul i gcomhairle lena hOifigeach Cosanta Sonraí agus, más gá, le hOifig an Choimisiúin Chosanta Sonraí sula gcuirtear tús le haon ghníomhaíochtaí nua próiseála sonraí.

MÍR 6: CÁ STÓRÁLAIMID DO SHONRAÍ PEARSANTA?

6.1 Stóráil leictreonach do shonraí pearsanta

Stóráiltear tromlach na sonraí pearsanta a stórálann an Roinn go leictreonach ar ár gcórais inmheánacha TFC. Tá na córais seo aré go hiomlán cosanta ag bogearraí frithviris agus frithmhailíseacha.

Áirítear le sonraí leictreonacha cóipeanna scanta d'fhoirmeacha iarratais, faisnéis teagmhála, faisnéis airgeadais, sonraí teaghlaigh, éachtaí oideachais agus oiliúna, cóipeanna de chomhfhreagras leictreonach, ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh, stair fostaíochta agus stair éilimh.

Níl rochtain ar shonraí pearsanta ach ag na comhaltaí foirne siúd a dteastaíonn an fhaisnéis uathu chun tabhairt faoina ndualgais oifigiúla. Rialaítear rochtain mar gheall go bhfuil ainm úsáideora agus pasfhocal uathúil ag gach comhalta foirne agus mar gheall go gceanglaítear ainmneacha úsáideora leis na ceadanna íosta a theastaíonn lena ligean don chomhalta foirne oibriú i dtimpeallacht shlán agus gan ach na sonraí pearsanta a rochtain a theastaíonn uathu dá bpoist.

6.2 Comhaid chruachóipe (pháipéir) a stóráil

Sa chás go mbíonn taifid pháipéir ag an Roinn ina gcuimsítear do shonraí pearsanta, stóráiltear iad seo i gcomhaid aonair atá á gcoimeád go slán inár n-áitreabh agus níl teacht orthu ach ag ár bhfoireann.

Baintear seo amach trí shlándáil fhisiciúil: ní féidir rochtain a fháil ar oifig Roinne ach trí svaidhpchárta nó cárta rochtana agus déantar cuairteoirí a sciathadh, a shíniú isteach agus a thionlacan ag comhalta foirne, chun nach féidir leo aon sonraí pearsanta atá á stóráil ag an Roinn a rochtain.

Anuas air sin, ní cheadaítear dár gcomhaltaí foirne déileáil le héilimh ó ghaolta agus dlúthchairde.

MÍR 7:SONRAÍ PEARSANTA A ROINNT

7.1 Catagóirí faighteoirí ar féidir linn do shonraí pearsanta a roinnt leo

Ceadaítear don Roinn do shonraí a roinnt le réimse eagraíochtaí, ach amháin nuair a bhíonn socruithe roinnte sonraí atá infheidhmithe le dlí i bhfeidhme. Anuas air sin, ceadaítear san Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) don Roinn sonraí¹ aitheantais seirbhíse poiblí duine a roinnt le réimse eagraíochtaí a liostaítear i sceideal 5 den Acht sin.

Go ginearálta, seo a leanas saghsanna na n-eagraíochtaí a roinnfeadh an Roinn faisnéis leo, de ghnáth:-

- 7.1.1** Ranna Rialtais, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ina measc, chun soláthar a dhéanamh do réimse seirbhísí comhroinnte, tacaíochtaí agus faisnéis staitistiúil;
- 7.1.2** Comhlachtaí nó gníomhaireachtaí earnála poiblí eile a sholáthraíonn seirbhísí nó tacaíochtaí do chustaiméirí, ar nós Tusla, Pobal, SUSI, Boird Oideachais agus Oiliúna etc;
- 7.1.3** Eagraíochtaí pobail a sholáthraíonn tacaíochtaí gníomhachtaithe, scéimeanna socrúchán oibre agus cúrsaí oideachais (ar nós scéimeanna Tús, Scéimeanna Fostaíochta Pobail, tionscnaimh áitiúla oiliúna etc);
- 7.1.4** Conraitheoirí príobháideacha a sholáthraíonn príomhsheirbhísí agus tacaíochtaí do chustaiméirí, Bainisteoirí Brainse, cuideachtaí Seirbhíse Fostaíochta Áitiúla, Clubanna Post agus soláthraithe JobPathina measc;
- 7.1.5** Rialálaithe nó údaráis mhaoirseachta;
- 7.1.6** Ionadaithe poiblí a dhéanann ionadaíocht thar ceann toghthóirí;
- 7.1.7** Sainchomhairleoirí TF agus conraitheoirí ginearálta a fhuileann an Roinn, nuair a d'fhéadfaidís bheith ag oibriú ar fheabhas a chur ar chórais agus próisis láimhseála sonraí an RGFC.

7.2 An aistrefar do Shonraí Pearsanta amach ón LEE?

Ní aistrefar, ní roinnfear do shonraí pearsanta, go ginearálta, lasmuigh den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíochta nó an LEE (AE 27, an Ríocht Aontaithe go dtí Brexit an 29 Márta 2019, an Íoslainn, an Iorua, agus Lichtinstéin). Cá roinnimid faisnéis taobh amuigh den LEE nó más ann do shocruithe eisceachtúla chun do shonraí a stóráil taobh amuigh den LEE,

¹ Áirítear le faisnéis faoi Aitheantas Seirbhíse Poiblí d'ainm, dáta agus áit bhreithe, faisnéis teagmhála agus náisiúntacht – úsáidtear seo chun aitheantas a dheimhniú do sheirbhísí atá á soláthar

rachaimid i mbun beart i gcónaí lena chinntiú go ndéantar bainistíocht chúramach ar aon aistriú faisnéise taobh amuigh den LEE chun do chearta príobháideachais a chosaint faoin RGCS. Foráiltear dó seo faoi Rialacháin Slándála Sóisialaí an AE.

7.3 An gceadaítear dúinn do shonraí a aistriú taobh amuigh den AE agus den LEE?

Féadfaimid faisnéis fút a aistriú chuig eagraíocht Tíre nó idirnáisiúnta lasmuigh den LEE. Rachaimid i mbun beart i gcónaí lena chinntiú go ndéantar bainistíocht chúramach ar aon aistriú faisnéise chun do chearta príobháideachais a chosaint i gcomhréir leis an dlí um Chosaint Sonraí.

7.4 An bhfuil aon Chosaintí Cuí agus Oiriúnacha eile ann?

Ní féidir sonraí pearsanta a aistriú má chuirtear na cosaintí cuí ar fáil agus ar an gcoinníoll go mbíonn cearta ábhar sonraí in-fheidhmithe agus réitigh éifeachtacha dhlíthiúla ar fáil. I measc nagcosaintí cuí, d'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist:

- 7.4.1** Ionstraimí atá ina gceangal dlí agus in-fheidhmithe idir údaráis/comhlachtaí poiblí;
- 7.4.2** Rialacha corparáideacha ceangailteacha;
- 7.4.3** Clásail chaighdeánacha um chosaint sonraí lena ghlac Údarás Maoirseachta agus a d'fhaomh a ghlac Coimisiún an AE;
- 7.4.4** Clásail chaighdeánacha chonarthacha idir rialaitheoir/próiseálaí agus faighteoir sa trú tír nó san eagraíocht idirnáisiúnta;

MÍR 8:CÉ CHOMH FADA A CHOIMEÁDFAIMID DO SHONRAÍ PEARSANTA?

8.1 Ní choimeádfaimid faisnéis a bhaineann leat ach chomh fada sin a theastaíonn chun rochtain a sholáthar duit ar thacaíochtaí agus seirbhísí. Tá beartas foriomlán ag an RGFCs ina luaitear go gcoimeádfar sonraí pearsanta áirithe ar feadh saolré chustaiméara **ar a laghad**. Tá roinnt cúiseanna leis seo.

8.2 Is iad napríomhchúiseanna gur gá dúinn do shonraí ranníocaíocht árachais shóisialaigh a choimeád lena dheimhniú cén sochair a d'fhéadfá bheith i dteideal a fháil amach anseo, mar shampla, an Pinsean Stáit. D'fhéadfadh roinnt de nateidlíochtaí seo fiú aistriú chuig do chleithiúnaithe! Chomh maith leis sin, caithfimid aon fhaisnéis faoi éilimh roimhe seo a choimeád sa chás go mb'fhéidir go ndéanfar achomhairc amach anseo agus nuair is gá dúinn tagairt do na buncháipéisí (nó cóipeanna scanta díobh seo). Caithfimid cloí, chomh maith, le rialacha Oifig na Cartlainne Náisiúnta i dtaobh taifid a dhiúscairt agus i dtaobh ceanglais éagsúla riaracháin agus dhlíthiúla eile.

8.3 Luaitear san RGCS, áfach, nach féidir linn aon fhaisnéis a stóráil ar feadh níos faide ná mar a theastaíonn agus, ar, tá gach limistéar gnó freagrach as, chomh maith, as na sonraí a bhailíonn sé, ar chúiseanna gnó, nach gá a choimeád go deo.

8.4 Ba ghnách go ndéanfaí na sonraí siúd a scriosadh i ndiaidh 7 mbliana, i gcomhréir le rialacha na cartlainne rialacha a bhaineann leis an limistéar gnó, ach déanfaidh gach limistéar breithniú ar na saincheisteanna a dhéanann dífeall do stóráil sonraí pearsanta.

8.5 Sa chás go mbailítear sonraí agus go dteastaíonn siad ar chúiseanna ar leith agus nach gá iad a choimeád i ndiaidh amfhráma socraithe, scriosfar na sonraí seo a luaithe a comhlíonadh a gcuspóir. Sampla de seo is ea nuair is féidir leis an Roinn liostaí custaiméara a ghiniúint do chuirí chuig aonaigh phost. Scriosfaí na liostaí seo ansin a luaithe a tugadh an t-imeacht dá n-ullmhaíodh iad, chun críche.

Tá sonraí iomlána faoi bheartas um choinneáil sonraí an RGFCs ar fáil ar an láithreán seo:-

<http://www.welfare.ie/en/Pages/Data-Protection-DEASP.aspx>

MÍR 9:PRÓISEÁIL BHREISE SONRAÍ PEARSANTA

9.1 An úsáidfeá do shonraí pearsanta a bailíodh ar aon chuspóirí eile?

Faoi mar a luadh thuas, ceadáítear dúinn faoin dlí chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil ar réimse cúiseanna. Ceadáítear dúinn, chomh maith, do shonraí a bhailiú ar chúis ar leith agus iad a úsáid ar chuspóir gaolmhar eile. Is amhlaidh atá seo mar gheall ar go soláthraíonn an Roinn réimse fairsing de sheirbhísí gaolmhara agus bheadh sé míphraiticiúil dúinn an fhaisnéis chéanna a iarraidh ort i gcónaí arís agus arís eile. Arís, ceadáítear dúinn faoin Acht Leasa Shóisialaigh chun faisnéis a bhailiú ar chuspóir ar leith agus í a úsáid ar chuspóirí gaolmhara – do scéimeanna agus tacaíochtaí eile a chuireann an Roinn ar fáil i limistéar na Coimirce Sóisialaí, nó ar chuspóirí staitistiúla.

9.2 Sampla de seo is ea gur féidir le custaiméir faisnéis a sholáthar d'éileamh Cuardaitheora Post, ach is féidir an fhaisnéis seo a úsáid chun tacaíochtaí oideachais nó oiliúna a sholáthar ina dhiaidh sin. Ar an mbealach seo, is fearr a bheimid in ann cabhrú leis an gcustaiméir seo chun post eile a aimsiú.

9.3 Sampla eile is ea gur féidir le custaiméir faisnéis a sholáthar do Phinsean Stáit agus féadtar an fhaisnéis seo a úsáid lena ligean don chustaiméir pas saorthaistil nó pacáiste sochair teaghlaigh a fháil.

MÍR 10:DO CHEARTA MAR ÁBHAR SONRAÍ

Tá cearta áirithe ag ár gcustaiméirí (ábhair shonraí) go léir faoi reachtaíocht an AE (an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí nó an RGCS) agus faoi reachtaíocht um chosaint sonraí na hÉireann:

10.1 An ceart chun rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta (nó an fhaisnéis atá againn fút)

Tá tú i dteideal iarraidh orainn cóipeanna a thabhairt duit d'aon sonraí pearsanta a bhaineann leat a bhailíomar agus a stórálar. Is féidir na hiarrataí siúd a sheoladh ar aghaidh i scríbhinn nó ar ríomhphost chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí ag an seoladh a liostaítear ag 1.2 thuas. Tuigfidh tú go mb'fhéidir go mbeidh orainn d'aitheantas a dheimhniú sula ndéileálfaimid le haon iarraidh ar chóipeanna de do shonraí pearsanta. Faoin RGCS, is gnách go mbíonn 30 lá againn chun na hiarrataí seo a phróiseáil.

10.2 An ceart go gceartaítear sonraí pearsanta míchearta atá á gcoimeád ag an Roinn agus an ceart chun cur in aghaidh sonraí a phróiseáil a d'fhéadfadh bheith mícheart

Déanfaimid iarracht i gcónaí a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá againn fút is cruinn agus cothrom le dáta. Amanna féadfaimid iarraidh ort an fhaisnéis seo a dheimhniú. Má thagann athrú ar d'fhaisnéis nó má chreideann tú go bhfuil faisnéis againn nach bhfuil cothrom le dáta, cuir ar an eolas sinn, le do thoil.

Tá tú i dteideal iarraidh ar an Roinn aon sonraí pearsanta míchearta a nuashonrú a d'fhéadfadh bheith againn fút. Bímid sásta i gcónaí amhlaidh a dhéanamh, a luaithe a dheimhnímid d'aitheantas, arís eile. Ní féidir linn duine ar bith eile a cheadú, seachas tú féin, chun do shonraí pearsanta a nuashonrú, mura bhfuil ionadaí pearsanta agat atá go hiomlán údaraithe.²

10.3 An ceart chun sonraí pearsanta a scriosadh

Faoi mar a luadh, tá beartas foriomlán um choinneáil sonraí ag an Roinn ina luaitear gur féidir roinnt sonraí custaiméara a choimeád go deo, ar chúiseanna éagsúla. Sa chás go gcoimeádtar sonraí nó go dteastaíonn siad ar mhaithe le riar leanúnach slándála sóisialaí agus sa chás go bhforáiltear do na sonraí go dlíthiúil, ní bheidh na sonraí seo faoi réir scriosta, fiú má iarrann an t-ábhar sonraí amhlaidh.

² Seachas i gcás custaiméirí a bhfuil deacrachtaí acu a ngnóthaí féin a bhainistiú, nó i gcás ceisteanna dlíthiúla.

Níor cheart do gach limistéar gnó, áfach, sonraí a choimeád ach a fhaide sin a theastaíonn don chuspóir dá mbailíodh iad. Tá an ceart agat a lorg go scriosann an Roinn aon fhaisnéis nach dteastaíonn, ar chúiseanna leanúnacha gnó, a choimeád go deo.

10.4 An ceart chun cur in aghaidh cinnteoireacht uathobrithe ag an Roinn

Bronntar an ceart ort san RGCS chun cur in aghaidh cinnteoireacht uathobrithe ag ríomhchórais an RGCS, a chás go n-imrítear tionchar dlíthiúil nó suntasach ort mar chustaiméir. Is ionann cinneadh uathobrithe agus cinneadh a dhéanann ríomhchóras, agus ríomhchóras amháin, gan idirghabháil ag aon duine dár n-oifigigh.

Úsáidimid roinnt próiseas uathobrithe, ach i ngach cás, ní dhéantar an cinneadh uathobrithe ach i dtaobh dámhachtainí rathúla. Ní bhfaighidh tú fógra uathobrithe ach má d'éirigh leat le d'éileamh. Ciallaíonn seo, sa chás go dtugann ríomhchóras le fios go mb'fhéidir nach gcáileofar thú d'íocaíocht, seolfaidh an ríomhaire d'iarratas ar aghaidh chuig ceann dár n-oifigigh go ndéanfar é a sheiceáil agus mura n-éiríonn leat, is é an t-oifigeach sin a dhéanfaidh comhfhreagras leat, seachas an meaisín.

Ar an mbealach seo, níl aon chás sa Roinn ina ndiúltóidh meaisín, nó ríomhchóras íocaíocht do chustaiméir. Anuas air sin, bíonn an ceart ag custaiméirí i gcónaí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh a rinne an Roinn.

10.5 An ceart i leith iniomparthacht sonraí (an ceart chun do shonraí a fháil ó rialaitheoir amháin agus iad a sheoladh chuig rialaitheoir eile)

Tá an ceart ag ábhair sonraí (custaiméirí) a sonraí a iarraidh ó rialaitheoir amháin, chun gur féidir iad a thabhairt do rialaitheoir eile (cuideachta). Baineann an ceart seo le heagraíochtaí ar nós fóntas, institiúidí airgeadais nó fiú láithreáin mheán sóisialta a bhfuil conradh agat leo agus sa chás gur mian leat a lorg chun soláthraí a athrú nó b'fhéidir margadh níos fearr a fháil.

De réir an chirt seo, féadfaidh tú do shonraí pearsanta a fháil i bhformáid struchtúrach, a úsáidtear go coitianta, atá inléite ag meaisín le hiad a aistriú chuig eagraíocht eile. Sa chás go n-éilíonn aon chustaiméir a gcearta faoi iniomparthacht sonraí, b'fhéidir go mbeidh ar an Roinn a iarraidh cén sonraí ar leith a theastaíonn, ach déanfaimid iarracht chun an fhaisnéis a sholáthar a thapúla agus is féidir.

10.6 An ceart go gcuirfead ar an eolas thú ar Shárú ar Shonraí

Mar chustaiméir, tá dualgas orainn, chomh maith, thú a chur ar an eolas nuair a d'fhéadfadh gur cailleadh, gur milleadh nó gur tugadh do shonraí pearsanta do dhuine nó d'eagraíocht nár cheart dóibh iad a fháil.

Tá réimse bearta slándála i bhfeidhm ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS) chun do shonraí pearsanta a chosaint. B'fhíor-annamh go ndéanfaí sonraí pearsanta duine a sheoladh de thimpiste chuig duine eile nó go gcaillfí nó go ngoidfí aon chinn de shonraí pearsanta a bhí á stóráil ag an RGFCS.

Sa chás mídhóchúil go dtarlaíonn sárú ar shonraí, áfach, scríobhfaidh an Roinn chugat lena dheimhniú cad a tharla agus cén cinn de do shonraí a ndearnadh difear dóibh. Cuirfimid oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí ar an eolas, chomh maith, sa chás gur mian leo tabhairt faoi imscrúdú.

10.7 Conas teagmháil a dhéanamh linn

Má bhíonn ceisteanna agat faoin mbeartas seo, déan teagmháil, le do thoil, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (an OCS). Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an OCS don Roinn i gcónaí ag DPO@welfare.ie

Oibríonn an Roinn go dian dícheallach chun d'fhreagracht sonraí a láimhseáil agus caithimid lenár bhfreagrachtaí um chosaint sonraí mar ábhar tromchúiseach. Má tá tú míshásta leis an mbealach a dhéanaimid é seo, déan teagmháil, le do thoil, leis an OCS. Tá súil againn go mbeidh an OCS in ann dul i ngleic le haon bhuarthaí a bhíonn agat.

Tá an ceart agat, áfach, chomh maith, gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisiúin Chosanta Sonraí (OCCS). Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an OCCS trí na sonraí seo a leanas a úsáid:-

Sa phost: Teach na Canála, Bóthair an Stáisiúin, Cúl an tSúdaire, R32 AP23, Contae Laoise.

Ar ríomhphost: info@dataprotection.ie

Ar an nguthán: 0761 104 800 nó uimhir íosghlao 1890 252 231

10.8 Conas is féidir leat do chearta a fheidhmiú

Caithfimid ligean duit na cearta a dtugtar cuntas orthu thuas a úsáid. Is féidir leat a iarraidh a dhéanamh faoi aon chinn de na cearta seo trí theagmháil a dhéanamh le OCS na Roinne ag an seoladh ar leathanach 1 den fhoirm seo.

B'fhéidir go mbeidh orainn d'aitheantas a dheimhniú ar dtús, mar gheall nach féidir linn do shonraí pearsanta a thabhairt do dhaoine eile.

A luaithe a dheimhníomar d'aitheantas, lorgóimid chun an fhaisnéis a fháil a d'iarr tú a luaithe agus is féidir. Táimid tiomanta, áfach, chun tú a choimeád ar an eolas ar ár ndul chun cinn laistigh de **30 lá**.

Ar iarrataí casta nó sa chás go ndéantar líon mór iarrataí, féadfaimid an t-am a ghlacann sé orainn freagairt ort a shíneadh le 60 lá breise (dhá mhí), ach caithfimid insint duit go bhfuil seo á dhéanamh laistigh de na chéad 30 lá, anuas ar an gcúis atá leis an moill. Mura bhfuilimid chun freagairt ar d'iarraidh, caithfimid seo a insint duit laistigh de 30 lá. Caithfimid a mheabhrú duit go bhfuil de rogha agat gearán a dhéanamh leis an OCCS.

Má dhéanann tú iarraidh leictreonach, caithfimid freagairt ort go leictreonach, mura fearr leat a mhalairt.

Caithfidh aon rud a dhéanaimid mar fhreagairt ar d'iarraidh agus aon fhaisnéis a thugaimid duit a bheith saor in aisce. Má dhéanann tú iarrataí iomarcacha (e.g. má dhéanann tú an ceann céanna arís agus arís eile) nó mura bhfuil aon bhonn le d'iarrataí i dtaobh fíricí de, féadfaimid táille a ghearradh ort nó a dhiúltú gníomhú ina leith. Ní ghearrfaimid táille ort sa chás go ndearna tú botún, ar nós na láithreach míchirte, ach ní ghníomhóimid ar d'iarraidh.

Mar gheall ar mhéid na heagraíochta, féadfaimid iarraidh ort chun d'iarraidh a shoiléiriú. Is féidir leat cabhrú linn d'iarraidh a chomhlíonadh faoi shonraí pearsanta trí bheith chomh sonrach agus is féidir, go háirithe faoi do dhéileáil nó teagmháil linn.

MÍR 11: BREIS FAISNÉISE - TREOIRLÍNTE OIBRÍOCHTÚLA

Más mian leat aon fhaisnéis bhreise ar conas a oibríonn limistéar den Roinn agus an méid a theastaíonn chun cinneadh a dhéanamh faoi éileamh nó seirbhís, tabhair cuairt, le do thoil, ar ár láithreán gréasáin ag www.welfare.ie. Áirítear le faisnéis ar gach ceann dár scéimeanna treoirlínte oibríochtúla.

Cuirtear deireadh leis i mBealtaine 2018

AGUISÍN 1 – liosta den Phríomh-Reachtaíocht agus den Reachtaíocht Thánaisteach a bhfuil údarás againn fúithi sonraí pearsanta a bhailiú

Príomh-Reachtaíocht (go léir arna leasú)	
An tAcht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005	An tAcht um Chomhairle, 2000;
An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 1984;	Na hAchtanna um Chlárú Sibhialta, 2004-2014;
An tAcht Pinsean, 1990;	An tAcht um Inscne a Aithint, 2015;
Na hAchtanna um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 2000-2007;	
An Phríomh-Reachtaíocht Thánaisteach (ionstraimí reachtúla)	
I.R. Uimh., 142 de 2007 - Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Éilimh Chomhdhlúite, Íocaíochtaí agus Rialú), 2007	
I.R. Uimh. 412 de 2007 - Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Leasa Forlíontach Comhdhlúite), 2007	
I.R. Uimh. 102 de 2007 - Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Díobhálacha Ceirde Comhdhlúite), 2007	
I.R. Uimh. 312 de 1996 - Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Ranníocaíochtaí agus Inárachas Comhdhlúite), 1996	
I.R. Uimh. 108 de 1998 – Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Achomhairc), 1998.	
I.R. Uimh. 188 de 1998 Na Rialacháin Leasa Shóisialaigh (Liúntas Cíosa), 1998	